# Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

## Ceisteanna Coitianta & Gluais

**1.Conas agus cén fáth go bhfuil an treoir seo ann?**

I gcomhráite agus in obair a rinneadh le déanaí le scoileanna, d'inis múinteoirí dúinn faoin méid ama a chaitheann siad ag pleanáil, agus faoin méid páipéarachais a bhíonn acu. B'ábhar mór imní é seo do roinnt mhaith múinteoirí agus curaclam nua á thabhairt isteach, agus do mhúinteoirí eile ba chonstaic é don dul i ngleic leis an réasúnaíocht atá faoin gcuraclam. Faoi láthair, tá múinteoirí ag ullmhú don teagasc, ag baint úsáid as dhá shaghas curaclam, Curaclam na Bunscoile (1999) agus Curaclam Teanga na Bunscoile (2019). Mar thoradh, ardaíodh go leor ceisteanna i measc múinteoirí ó gach comhthéacs scoile. Chun freagairt ar athrú curaclaim, tá an CNCM, an tSFGM, an CNOS agus Cigireacht na Roinne Oideachais tar éis a bheith ag obair i dteannta a chéile chun an treoir seo a fhorbairt. Tá sé i gceist ag an gcáipéis seo treoir a sholáthar do gach múinteoir agus ceannaire scoile i ngach comhthéacs scoile. Cuireann an treoir síos ar thuiscint athnuaite ar "ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim" a bhfuil sé i gceist aici an bhéim a bhogadh ón bpáipéarachas go dtí na gníomhaíochtaí níos leithne a dtugann múinteoirí fúthu i rith a gcuid ullmhúcháin.

**2. Cad atá i gceist le 'gníomhú na múinteoirí'?**

Baineann gníomhú le rogha agus le solúbthacht. Cuirtear ar chumas múinteoirí gníomhaíocha cinntí gairmiúla faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim a dhéanamh atá machnamhach agus treoraithe, ag freagairt do chumais agus do riachtanais na bpáistí ar fad i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar ghairmithe gníomhaíocha, is iad na múinteoirí na daoine is fearr chun **a gcur amach ar na páistí, ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht** a úsáid chun cinntí a dhéanamh faoi na rudaí a fhoghlaimíonn na páistí, an t-ord ina bhfoghlaimíonn siad iad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Ag freagairt go solúbtha agus go cumasach do dheiseanna agus riachtanais atá ag teacht chun cinn i measc na bpáistí, cuireann múinteoirí a ngníomhú agus a n-éifeachtúlacht i bhfeidhm.

**3. Cad atá i gceist le 'hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim'?**

Is é ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim an téarma a úsáidtear chun aitheantas a thabhairt do réimse leathan gníomhaíochtaí a tharlaíonn roimh an teagasc, i rith an teagaisc agus tar éis an teagaisc. Tógann sé áit an téarma 'pleanáil' atá tar éis éirí comhchiallach le páipéarachas. An tuiscint is fearr ar ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim ná gur próiseas leanúnach é a fhorbraíonn. Tá **ullmhúchán dofheicthe, infheicthe agus taifeadta** mar trí chomhpháirt ar bhonn cothrom.

**4. Cad atá i gceist le 'hullmhúchán dofheicthe'?**

Bíonn **ullmhúchán dofheicthe** leanúnach agus neamhthaifeadta. Bíonn cinnteoireacht agus machnamh leanúnach ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí i gceist, go minic i gcomhair leis na

páistí, lena dtuismitheoirí agus le gairmithe eile. Úsáideann na múinteoirí an curaclam agus a chuid tacaíochtaí go bríoch i mbealach atá solúbtha agus sofhreagrach.

**5. An gá taifead a dhéanamh ar ullmhúchán dofheicthe?**

Ní gá taifead a dhéanamh ar **ullmhúchán dofheicthe.**

**6. Cad atá i gceist le 'hullmhúchán infheicthe'?**

Is ionann **ullmhúchán infheicthe** agus teagasc agus foghlaim i ngníomh. Soláthraíonn múinteoirí eispéiris foghlama atá oiriúnach agus tarraingteach, arna dtreorú ag an gcuraclam, mar áit ina n-éascaítear idirghníomhaithe fónta, ag baint úsáid as acmhainní oiriúnacha chun tacú le foghlaim na bpáistí. Ba chóir go mbeadh an cur chuige seo sreabhach agus solúbtha, ionas gur féidir le múinteoirí glacadh le deiseanna foghlama gan choinne agus nua de réir mar a thagann siad chun cinn.

**7. Cad atá i gceist le 'hullmhúchán taifeadta'?**

Is ionann **ullmhúchán taifeadta** agus an doiciméadacht a úsáidtear chun tacú leis an teagasc. Ba chóir go mbeadh sé pearsanta agus saincheaptha. Úsáideann múinteoirí doiciméid reatha a fhorbraíonn de réir mar a thagann deiseanna foghlama chun cinn. Mar **obair idir lámha**, ba chóir go mbeadh an t-ullmhúchán taifeadta praiticiúil agus feidhmiúil, agus foghlaim leanúnach na bpáistí á léiriú. D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh: doiciméadacht ghearrthéarmach/fadtéarmach, cuntais mhíosúla, nótaí agus leasuithe an mhúinteora chun tacú le teagasc agus foghlaim nua.

**8. Cad is gá cur san áireamh san ullmhúchán gearrthéarmach taifeadta? Céard iad na gnéithe riachtanacha?**

Is duitse, an múinteoir i dtosach báire an t-ullmhúchán taifeadta. Is féidir é a léiriú nó é a thaifead sa bhealach is praiticiúla agus is úsáidí don mhúinteoir. Tagraíonn ullmhúchán taifeadta díreach don churaclam agus é in úsáid i do chomhthéacs, agus treoraítear é le do chur amach ar na páistí (a gcumais, riachtanais agus na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama), an cur amach ar an gcuraclam agus an cur amach ar oideolaíocht. Ba chóir don ullmhúchán gearrthéarmach na rudaí a leanas a shainaithint:

- An toradh foghlama/ cuspóir foghlama. Tógtar é seo ón gcuraclam;
- Fócas na foghlama nua. Roghnaigh an ghné áirithe ar a mhaith leat díriú. D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach an toradh foghlama/ cuspóir foghlama a athscríobh i do chuid focail féin chun an fócas a bheachtú. Bí cinnte go mbíonn riachtanais agus cumais na bpáistí ar fad san áireamh san fhócas seo. D'fhéadfadh na Contanaim Dul Chun Cinn nó na Cosáin Tacaíochta Breise a bheith cabhrach;
- Na heispéiris foghlama. Seo iad na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na páistí chun tacú leis an bhfoghlaim atá beartaithe;

- An chaoi a dhéanfar monatóireacht agus measúnú ar an dul chun cinn. Seachain brath ar shraith chúng cleachtas measúnaithe. Smaoinigh ar raon cleachtas measúnaithe a úsáid, idir cinn atá faoi stiúir an linbh agus cinn atá faoi stiúir an mhúinteora.

**9. Céard é an leibhéal mionsonraí atá riachtanach in ullmhúchán taifeadta?**

Tugtar i gcuid 5 den treoir breac-chuntas ar na gnéithe riachtanacha ba cheart a chur san áireamh i ngach ullmhúchán taifeadta, agus mínítear níos mine é i míreanna C8 agus C9 na cáipéise ceisteanna coitianta (CCanna) seo.

Athróidh leibhéal mionsonraí riachtanach i gcomhair gach aon ghné ó mhúinteoir go múinteoir. Is féidir go mbeadh ar Mhúinteoir Nua-cháilithe (MNC) mionsonraí níos mine a thaifeadadh faoi na taithí foghlama atá beartaithe aige / aici ná atá ar mhúinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu. Ar an gcaoi chéanna, is féidir go mbeadh níos mó sonraí riachtanach i gcáipéis ullmhúcháin taifeadta do pháistí ar leith, agus athróidh sé seo ó mhúinteoir go múinteoir. Déan machnamh ar na gnéithe is féidir a bheith laistigh **d'ullmhúchán dofheicthe / infheicthe** – ní gá go scríobhfar gach rud síos, agus bí cinnte go bhfuil an t-ullmhúchán solúbtha go leor chun deiseanna foghlama a tharlódh gan choinne a cheadú.

Cuimhnigh nach bhfuil ullmhúchán taifeadta ach ceann amháin de na bealaí ullmhúchán le haghaidh teagaisc agus foghlama a léiriú. Tá **foinsí fianaise** eile ann: an múinteoir, na páistí agus an timpeallacht foghlama ina measc. Beidh caighdeán an ullmhúcháin, teagaisc agus foghlama le feiceáil mar thoradh ar phlé agus / nó ar bhreathnú ar na **ceithre** ghné seo.

**10. Cad is gá a bheith san áireamh san ullmhúchán fadtéarmach? Céard iad na gnéithe riachtanacha?**

Bí solúbtha leis an ullmhúchán fadtéarmach. B'fhéidir go mbeidh gá é a leasú de réir mar a fhoghlaimíonn tú níos mó faoi na páistí i do chomhthéacs, nó de réir mar a thagann deiseanna foghlama gan choinne chun cinn. Seans gur mhaith leat nótaí beaga a dhéanamh ar an doiciméad chun é seo a thaifeadadh, mar shampla. Ag baint úsáide as do chur amach ar na páistí, an curaclam agus an oideolaíocht, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil, i dtéarmaí leathana;
- raon na n-eispéireas foghlama;
- raon na gcleachtas measúnaithe;
- comhtháthú na foghlama le réimsí curaclaim eile, le cleachtais/imeachtaí scoile eile;
- an chaoi a dtacaíonn gnáthaimh an tseomra ranga, cultúr an tseomra ranga agus idirghabhálacha agus cleachtais níos fadtéarmaí leis an bhfoghlaim atá beartaithe.

**11. An gcuirfear teimpléid ar fáil?**

Os rud é go bhfuil béim sa treoir maidir le cáipéisí gur cheart dóibh siúd a bheith faoi threoir comhthéacsanna na múinteoirí féin, ní bheadh teimpléad amháin oiriúnach. Tugtar i gcuid 5 den treoir breac-chuntas ar na gnéithe riachtanacha ba cheart a chur san áireamh i ngach ullmhúchán

taifeadta, áfach, mar atá; torthaí foghlama / cuspóirí ábhair, díriú na foghlama nua, taithí foghlama, conas a dhéanfar monatóireacht agus measúnacht ar dhul chun cinn na bpáistí.

**12. Conas a choinním cuntas ar *fhoghlaim theagmhasach*?**

Is féidir cuntas a choinneáil ar dheiseanna foghlama teagmhasacha nó gan choinne san **ullmhúchán taifeadta**. D'fhéadfaí tabhairt faoi sin mar nótaí lámhscríofa, leasuithe nó nótaí mínithe ar an gcáipéis féin, nó ar nótaí post-it atá ceangailte leis an gcáipéis. Is féidir cuntas a choinneáil ar fhoghlaim theagmhasach in **ullmhúchán infheicthe** an mhúinteora, arna threorú múinteoireacht de réir **eolas faoi na páistí** (a suimeanna agus a riachtanais) agus na ceachtanna ag dul chun cinn. Déan machnamh chomh maith ar conas a léiríonn **na foinsí fianaise eile** atá ag baint le teagasc agus foghlaim (múinteoir, páistí, timpeallacht foghlama) foghlaim theagmhasach.

**13. Cén éifeacht atá ag an treoir seo ar mo Chuntas Míosúil?**

Mar a leagtar amach ar leathanach 15 den treoir, áit ina léiríonn an cháipéisíocht ghearrthréimhseach an fhoghlaim nua agus an taithí foghlama, d'fhéadfá é a úsáid le haghaidh do Chuntas Míosúil. D'fhéadfá machnamh gearr ar theagasc agus fhoghlaim i gcaitheamh na míosa a chur san áireamh i do Chuntas Míosúil, dá dtabharfadh sé cúnamh duit

**14. Conas is féidir cur chuige na scoile uile maidir le doiciméadacht a fhorbairt, ag ceadú d'fheidhmiú gníomhaithe mhúinteoirí aonair?**

Is féidir le cur chuige na scoile uile aontú ar na **gnéithe coitianta** atá le háireamh sa doiciméadacht. Féadfaidh na mionsonraí atá sa doiciméadacht a bheith éagsúil ó mhúinteoir go múinteoir, ag brath ar do rogha aonair, do bhreithiúnas gairmiúil agus an comhthéacs ina bhfuil tú ag múineadh. Ba chóir go mbeadh an doiciméadacht mar threoir phraiticiúil agus úsáideach duit mar mhúinteoir, a thacaíonn go ciallmhar le d'ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. D'fhéadfadh an mhír 'Ag Tacú le hUllmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim' (lgh 14-22) a bheith úsáideach agus cabhrach duit.

**15. Maidir le hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim, céard leis a bheidh mo phríomhoide agus an cigire ag súil?**

Le coincheap an ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim tagann gá le bealach nua chun machnamh a dhéanamh ar conas a léiríonn gach múinteoir a c(h)uid ullmhúcháin, i rith na scoilbhliana agus nuair a bhíonn cigireacht ar siúl. Is féidir an t-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim a léiriú trí **cheithre fhoinse fianaise; an páiste, an múinteoir, an timpeallacht foghlama, chomh maith le hullmhúchán agus machnamh taifeadta**. Tugtar cur síos níos mionsonraithe ar lgh 10–13 den treoirdhoiciméad. Is áis luachmhar í Ag Breathnú ar an Scoil Againne - Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna (2016) chun tuilleadh cíortha a dhéanamh air seo.

**16. Conas is féidir liom ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim ag tabhairt riachtanais, réimsí spéise agus cumais gach linbh i mo chomhthéacs san áireamh.**

Smaoinigh ar réimsí spéise, riachtanais, agus cumais gach linbh agus an fócas is oiriúnaí á roghnú agat i do chomhthéacs. Ag baint leas as an **gcur amach atá agat ar na páistí**, ar a riachtanais foghlama agus ar a gcuid réamhfhoghlama, tabhair tosaíocht don fhócas foghlama is fearr a thacóidh leo. Ba cheart **eispéiris foghlama uilechuimsitheacha** a chruthú agus a oiriúnú chun tacú le gach páiste ina dturas foghlama. Tabharfar tacaíocht bhreise do mhúinteoirí ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim uilechuimsitheach i ngach comhthéacs trí phróiseas na dtacaíochta leanúnaí. Cuireann an CNOS agus/ nó an SFGM an fhoghlaim ghairmiúil níos doimhne seo ar fáil. Féach Q16 le haghaidh cur síos níos cuimsithí.

**17. Is Múinteoir Oideachais Speisialta mé (SET). Conas ba cheart dom tabhairt faoi m'ullmhúchán taifeadta?**

Cuimsíonn ullmhúchán taifeadta **gach cineál cáipéisíochta**, a thugann tacaíocht don mhachnamh leanúnach agus don chleachtas atá agat, pleananna tacaíochta don scoláire (SSP), cáipéisí gearrthréimhseacha / fadtréimhseacha atá agat, Cuntas Míosúil, nótaí agus nótaí mínithe, measúnuithe, tuairiscí ó ghairmithe eile agus gníomhaireachtaí seachtracha, i dteannta le faisnéis a chuireann tuismitheoirí, múinteoirí ranga agus comhghleacaithe le fáil ina measc.

Tá **comhoibriú** idir an múinteoir oideachais speisialta (SET), an múinteoir ranga, tuismitheoir(í) agus an páiste an-tábhachtach maidir le forbairt d'ullmhúcháin taifeadta. Cuireann cur chuige comhoibríoch na rudaí seo a leanas ar do chumas: 1) teacht ar **riachtanais tosaíochta** an pháiste; 2) **spriocanna** a chruthú agus tosaíocht a thabhairt dóibh; agus 3) **idirghabhálacha** ar son an pháiste a phleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Ba cheart don mhúinteoir oideachais speisialta (SET), i gcomhar leis an múinteoir ranga, ullmhúchán a dhéanamh chun dul i ngleic le Torthaí Foghlama ar son páistí aonair ar an gContanam Tacaíochta.

Ba cheart d'ullmhúchán taifeadta a bheith **dírithe ar spriocanna an pháiste**, mar a leagtar amach sna pleananna tacaíochta don scoláire (SSP). Ba cheart go léireofaí na spriocanna i d'ullmhúchán taifeadta gearrthréimhseach seachtainiúil. Ba cheart go gcuirfí céard a bhain an páiste amach le linn na tréimhse seo isteach i do Chuntas Míosúil, más cuí.

Leagtar amach treoir bhreise i dtaca leis an gcáipéisíocht riachtanach don mhúinteoir oideachais speisialta (SET) sa *Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu* (an Roinn Oideachais, 2017). D'fhorbair An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) Uirlis Chúnta chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna an tSamhail Leithdháilte Leasaithe do Thacaíocht Teagaisc don Oideachas Speisialta (SET) a chur i bhfeidhm.

**18. Múinim i rang speisialta nó ar scoil speisialta. Cén bhaint atá ag an Treoir le mo comhthéacs féin?**

Baineann *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim*, i dteannta le Ciorclán 45/2019, le **gach múinteoir** i ngach comhthéacs scoile, Múinteoirí Oideachais Speisialta (SET), múinteoirí ranganna speisialta agus múinteoirí scoileanna speisialta san áireamh. Soláthraíonn an Treoir tuiscint athnuaite ar 'ullmhúchán i gcomhair teagaisc agus foghlama' thar gach réimse curaclaim, Curaclam na Bunscoile (1999) agus an PLC/CTB (2019) san áireamh. I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart an fhoghlaim bheartaithe a tharraingt as curaclam bunscoile nó iar-bhunscoile aoisoiriúnaigh chun deimhniú go

mbeadh rochtain, rannpháirtíocht agus tairbhe ag páistí ar oideachas ionchuimsitheach atá oiriúnach dá n-inniúlachtaí agus dá riachtanais.

Ba cheart go mbeadh d'ullmhúchán taifeadta **praiticiúil, diongbháilte agus pearsanta** ó thaobh comhthéacs do scoile agus próifíl na bpáistí i do rang de. Cuimhnigh nach bhfuil in d'ullmhúchán taifeadta ach **aon ghné amháin** den ullmhúchán a leagtar amach san *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim.* **Cuireann sé le** d'*Ullmhúchán Dofheicthe agus Infheicthe*, atá leanúnach forbartha.

**19 (a) Conas a thacóidh an treoir seo lenár bplean scoile ag dul ar aghaidh?**

Déanann an treoir seo cur síos ar thuiscint athnuaite maidir le 'ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim' gearrthéarmach agus fadtéarmach, don Churaclam Bunscoile (1999) agus do Churaclam Teanga na Bunscoile (2019) araon, chomh maith le forbairtí curaclaim bunscoile sa todhchaí. Le curaclam atá bunaithe ar thorthaí foghlama, áfach, tagann gá le bealach nua chun tabhairt faoi phleanáil scoile uile. Aithníodh an phleanáil scoile uile / plean scoile mar riachtanas atá ag teacht chun cinn agus eiseofar treoir do scoileanna in am trátha.

**19 (b) Idir an dá linn, céard is féidir linn a dhéanamh mar scoil chun ullmhú do leanúnachas agus dul chun cinn gach uile pháiste.**

Éascaíonn comhráite gairmiúla le comhghleacaithe smaointeoireacht maidir le leanúnachas agus le dul chun cinn. Féadfaidh na comhráite seo díriú ar an gcaoi a bhforbraíonn páistí coincheapa, scileanna agus meonta thar thréimhse ama. Déantar cinntí bunaithe ar chleachtais measúnaithe iomasacha agus réamhbheartaithe ar ardchaighdeán, idir cinn atá faoi stiúir an linbh agus cinn atá faoi stiúir an mhúinteora, chun bonn eolais a chur faoin leanúnachas sa teagasc agus san fhoghlaim.

**20. Cén uair ar cheart don treoir seo a bheith le feiceáil inár gcuid ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim?**

Seoladh an treoir maidir le hUllmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim ar an 27 Aibreán 2021. Ó shin, tá múinteoirí ag cur tús le cur i bhfeidhm na treorach. Tá an Chigireacht agus na seirbhísí tacaíochta ar fáil chun tacú le ceannairí scoile agus le múinteoirí le linn an phróisis, agus tá seimineáir ghréasáin agus acmhainní eile á bhforbairt ag CNCM, SFGM, CNOS agus an Chigireacht.

**21. Céard iad na chéad chéimeanna eile?**

Cuir am ar leataobh mar mhúinteoir, agus mar scoil, chun breathnú agus machnamh a dhéanamh ar an treoir é féin chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil (hyperlink to Prep T&L webpage). I measc na n-acmhainní tá físeán idirghníomhaireachta, 'siúlóid tríd doicimead' don treoir, dhá sheimineár gréasáin agus gearrfhíseáin a léiríonn múinteoirí i réimse leathan scoileanna agus iad i mbun ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim. Forbrófar seimineár gréasáin a dhíríonn ar cheannairí scoile amach anseo.

Féadfaidh na ceisteanna machnaimh sa treoirdhoiciméad (lgh 12-13) a bheith úsáideach mar thúsphointe chun plé foirne a threorú maidir le hullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim.

Féadfaidh sé a bheith cabhrach chomh maith leas a bhaint as roinnt de na réimsí leathana tacaíochtaí breise atá ar fáil do scoileanna, féach thíos.

Trí phlé comhoibríoch scoile uile, forbrófar tuiscint agus muinín ar an gcaoi a léireofar gnéithe den ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim **dofheicthe, infheicthe agus taifeadta**, i mbealach atá praiticiúil agus feidhmiúil. Féadfaidh na ceisteanna machnaimh sa treoirdhoiciméad (lgh 12-13) a bheith úsáideach mar thúsphointe chun plé foirne a threorú maidir le hullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim. Féadfaidh sé a bheith cabhrach chomh maith leas a bhaint as roinnt de na réimsí leathana tacaíochtaí breise atá ar fáil do scoileanna.

**22. Cén tacaíochtaí atá ar fáil dúinn agus muid ag bogadh ar aghaidh leis an treoir seo?**

Cuirfear réimse leathan tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i ngach comhthéacs scoile agus muid ag bogadh ar aghaidh le bealach nua a fhorbairt don ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Áirítear anseo:

- Cuirfidh comhairleoirí na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta tacaíocht shaincheaptha scoilbhunaithe ar fáil chun tacú leat agus le do scoil an treoir a thugtar a chur i bhfeidhm ar bhealach atá in oiriúint dod’ chomhthéacs scoile féin.

- Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil thar tréimshe ama. Is foghlaim ghairmiúil níos doimhne é a thacaíonn le scoileanna athrú agus cleachtais nua a leabú. Tá cineálacha éagsúla tacaíocht scoile leanúnach ann agus is iad riachtanais na scoile a threoraíonn an próiseas

- Beidh foireann ceannaireachta na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ar fáil chomh maith le tacaíocht scoile a chur ar fáil do cheannairí scoile agus d’fhoirne ceannaireachta maidir le cleachtais agus le cuir chuige d’fhonn ullmhúchán a fhorbairt lena bhfoirne scoile. Anuas air sin, cuirfear deiseanna ar fáil cleachtais a fhorbairt agus a roinnt sna pobail fhoghlama ghairmiúla laistigh de na cláir Misneach, Tánaiste agus Forbairt.

- Tá seimineáir ghréasáin, físeán idirghníomhaireachta, 'siúlóid tríd doiciméad' don treoir agus gearrfhíseáin a léiríonn cuir chuige múinteoirí agus iad i mbun ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim ar an suíomh gréasáin don Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim. Cuirfear breis acmhainní ar an suíomh sna míonna amach romhainn. I measc na suíomhanna gréasáin ábhartha eile tá:

  www.pdst.ie
  www.ncse.ie
  www.education.ie